

Tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíochtaí sláintiúla ar líne a fhorbairt

Réamhrá

Tá an cháipéis seo mar chuid de shraith ina bhfuil trí ábhar tacaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu cuidiú leat chun múineadh faoi na teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go sábháilte agus go freagrach tríd an gCuraclam OSPS (1999).

Dírítear sa cháipéis seo ar an gcaoi ar féidir leis an gCuraclam OSPS tacú le páistí chun foghlaim faoi comhrá a dhéanamh lena gcairde agus le daoine eile ar líne agus chun iad a thuiscint ar bhealach sláintiúil, measúil, sábháilte agus freagrach. Ba cheart an t-ábhar tacaíochta seo a léamh i gcomhar le:

- Aitheantas, sláinte agus folláine a fhiosrú i dtimpeallacht dhigiteach
- Oideachas na meán chun tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go sábháilte agus go freagrach.

Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Tuiscint a fháil ar eispéiris saoil na bpáistí
- Cibearbhulaíocht
- Timpeallacht dhearfach a chur chun cinn do chách
- Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?¹
- Léitheoireacht bhreise.

Tuiscint a fháil ar eispéiris saoil na bpáistí

De réir na Comhairle Comhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (NACOS, 2021), gur gníomhaíochtaí siamsaíochta iad na gníomhaíochtaí ar líne is mó a thuairiscítear, lena n-áirítear féachaint ar fhíseáin, a bheith ag éisteacht le ceol agus cumarsáid a dhéanamh le cairde agus lena dteaghlaigh. Beidh leibhéil éagsúla rannpháirtíochta ag na páistí i do rang agus beidh rialacha éagsúla ag teaghlaigh éagsúla maidir le teicneolaíochtaí digiteacha. Cuir am ar leataobh lena fháil amach cén chaoi a n-úsáideann do rang an teicneolaíocht dhigiteach. Beidh sé níos éasca do cheachtanna a dhírú ar leas do ranga agus chun an

foghlaim a bhaineann le heispéireas saoil do pháistí a chothú ach an fáth a n-úsáideann siad an t-idirlíon a fháil amach. Tá smaointe le fáil maidir leis an gcaoi chun tuiscint a fháil ar réamhthaithí na bpáistí agus chun tacú leo a bheith gníomhach chun a riachtanais foghlama a aithint sa cháipéis *Aitheantas, sláinte agus folláine a fhiosrú i dtimpeallacht dhigiteach*.

Forléargas ó thaighde



Tá athrú tagtha ar an gcaoi a ndéanann na páistí cumarsáid de bharr na teicneolaíochta. Thuairiscigh UNICEF (2017) gurb iad páistí faoi 18 bliain d'aois aon trian d'úsáideoirí idirlín ar domhan. San am a caitheadh, dhírítí oideachas bunaithe ar shábháilteacht idirlín ar an gcoincheap ó dhearcadh cosantaíoch. Mhol an cur chuige seo do pháistí a bheith ar an airdeall faoi chumarsáid a dhéanamh le daoine eile ar líne agus chun iompar rioscúil a sheachaint, amhail teagmháil a dhéanamh le daoine nár chas siad leo as líne riamh agus faisnéis phearsanta a thabhairt. Fuarthas amach i dtaighde a rinne O'Neill agus Laouris (2013), nuair a chuirtear teachtaireachtaí sábháilteachta idirlín i láthair na bpáistí taobh amuigh d'eispéireas saol an pháiste, go mbíonn na páistí frithghníomhach go hiondúil, róchosantach agus iad dírithe ar straitéisí eagla agus seachanta seachas na scileanna a thabhairt dóibh na teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go sláintiúil agus go freagrach. Níos déanaí ná sin, cuireadh an bhéim ar spás dearfach ar líne a chothú agus a mhéadú seachas ar *idirlíon níos sábháilte* a chruthú i dtreo *idirlíon níos fearr*, ionas go nglacfaidh siad páirt sa saol digiteach go muiníneach, go gníomhach agus go hathléimneach.

¹ Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leatuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.

Tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíochtaí sláintiúla ar líne a fhorbairt

Cibearbhulaíocht

Sa *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* (An Roinn Oideachais, 2022, lch. 20) déantar iompar bulaíochta a shainmhíniú mar:

Iompar spriocdhírthe a dhéanann dochar, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompar bulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt daoine nó grúpaí daoine sa tsochaí.

Forléargas ó thaighde:



Fuair an tlonad Comhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (2021) gurb í *teachtaireacht mhioscaiseach nó mhailíseach* an fhoirm de chibearbhulaíocht is coitianta a thuiriscítear. Fuarthas amach i dtaighde le CyberSafeKids (2022) go raibh taithí ag 28% de na páistí idir 8 agus 12 bliana d'aois ar bhulaíocht ar líne de shaghas éigin le 12 mí anuas roimh an staidéar, agus b'iondúil nach raibh an t-eispéireas i ngrúpaí comhráite ná teachtaireachta.

Tagraíonn cibearbhulaíocht do bhulaíocht a bhíonn ar siúl trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid amhail an t-idirlíon nó fón móibíleach. Déantar é d'aon turas agus déantar é chun dochar a dhéanamh. Cuimsítear le foirmeacha cibearbhulaíochta: eisiámh sóisialta, aithris a dhéanamh ar dhaoine, teachtaireachtaí diúltacha nó nimhneacha, íomhánna nó físeáin a sheoladh gan toiliú, agus imeaglú, ach ní hiad seo amháin atá i gceist.

Glac am chun dul i dtaithí ar Bheartas Frithbhulaíochta do scoile, na cuir chuige seo atá leagtha amach sa [chiorclán 0045/2013](#). Tá sé riachtanach go dtugann beartas frithbhulaíochta scoile aghaidh ar an gcibearbhulaíocht. Teastaíonn cur chuige uile scoile agus

comhthuiscint ar an méid atá i gceist le bulaíocht agus ar an tionchar atá aici chun dea-chleachtas a bhaint amach chun an bhulaíocht a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht. Táthar le nósanna imeachta nuashonraithe frithbhulaíochta do scoileanna a fhoilsiú i bhfómhar 2023.

Sa chlár **Bí Sábháilte**, rud atá riachtanach do gach bunscoil, foghlaimeoidh na páistí i do rang gur éagóir í an bhulaíocht i gcónaí. Cuirtear an Chibearbhulaíocht i láthair sa chlár do Rang a hAon agus a Dó. Foghlaimíonn na páistí faoin méid atá i gceist le cibearbhulaíocht, forbróidh siad tuiscint ar a tionchar, gheobhaidh siad straitéisí chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht agus straitéisí chun iad a chosc, agus foghlaimeoidh siad gur cheart dóibh a rá le duine fásta a bhfuil muinín acu as i gcónaí má fheiceann siad cibearbhulaíocht nó má dhéantar cibearbhulaíocht orthu. Tá go leor acmhainní agus tacaíochtaí a thugann aghaidh ar an gcibearbhulaíocht arna bhforbairt ag an **Ionad Frithbhulaíochta** (OCBÁC) agus ag **Webwise** Ionad Feasachta um Shábháilteacht Idirlín na hÉireann. Is féidir iad seo a úsáid chun cur leis an bhfoghlaim ón gclár Bí Sábháilte. Mar shampla:

- Is é **Clár Frithbhulaíochta agus Sábháilteachta ar Líne FUSE**, arna fhorbairt ag an Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC le haghaidh Rang a Cúig agus a Sé a théann i ngleic leis an gcibearbhulaíocht, lena n-áirítear cén chaoi le bheith i do chara maith ar líne, iniúchadh a dhéanamh ar an difríocht idir 'coimhlint ar líne' agus 'cibearbhulaíocht', agus ról na ndaoine a fheiceann í.
- Is é **Laochra HTML (Webwise)** a phléann leis na scileanna a theastaíonn chun cumarsáid shábháilte agus éifeachtach a dhéanamh ar líne. Tá dhá chlár ann, ceann do Rang a hAon agus Rang a Dó, agus ceann eile do na páistí i Rang a Trí agus a Ceathair.
- Is clár é **M'fhéinín agus an Domhan Mór (Webwise)** ina bhfuil ábhar na cibearbhulaíochta a forbraíodh do Rang a Cúig agus a Sé.

Tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíochtaí sláintiúla ar líne a fhorbairt

- Is clár é **Bí Cineálta ar líne** arna fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána do dhaltáí i Rang a Trí agus Rang a Ceathair. Cuireann sé cumarsáid mheasúil ar líne chun cinn agus tá sé mar aidhm aige na scileanna cuí a fhorbairt chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht go héifeachtach.


D'fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na pointí seo a leanas agus tú ag ullmhú le haghaidh an ábhair seo:

- **Ionbhá a Fhorbairt:** Tá sé riachtanach go bhforbraítear ionbhá *chun caidrimh a láimhseáil agus a bhainistiú, chun comhbhá agus tuiscint a chur chun cinn agus chun léirtheiscint a fháil ar an éagsúlacht* (Treoirilinte OSPS, Ich. 12). Ní fhágtar ionbhá a fhorbairt faoin gCuraclam OSPS amháin. Déan iarracht a bheith ar an airdeall do dheiseanna teagaisc a thagann chun cinn inar féidir leat ionbhá, comhbhá agus cumarsáid mheasúil a thaispeáint. Mar shampla, déan mothúcháin na bpáistí a aithint agus a dheimhniú agus cuidigh leo a gcuid mothúchán a chur in iúl ar bhealach sláintiúil agus oiriúnach: *“Tugann d’iompar le fios go bhfuil fearg ort faoi rud éigin. An féidir leat a rá liom cén chaoi a n-airíonn tú? Smaoinimis ar bhealach chun d’fhearg a chur in iúl go sábháilte.”* Ar aon dul leis sin, bain úsáid as deiseanna teagaisc chun tacú leis na páistí i do rang mothúcháin daoine eile a aithint trí ghotha gnúise nó trí chomharthaíocht coirp a thabhairt faoi deara: *“Tá mé in ann a fheiceáil go bhfuil John trína chéile de bharr go bhfuil deora ina shúile agus go bhfuil grainc air.”*

Timpeallacht dhearfach dhigiteach a chur chun cinn do chách

Is é príomhaidhm an Churaclaim OSPS braistint chúraim agus mheasa don duine féin agus do dhaoine eile a chothú. Le linn cheachtanna OSPS a bhaineann le cairdeas agus tuiscint a fháil ar dhaoine eile, foghlaimíonn páistí chun aire a thabhairt do dhaoine eile agus meas a bheith acu orthu. Glac am chun ceangail a dhéanamh idir na gníomhaíochtaí a dhéanann na páistí ar líne agus na gníomhaíochtaí a dhéanann siad as líne chun cuidiú leis na páistí i do rang a thuiscint gur mar a chéile an fhreagracht atá orthu dínit agus ómós a thaispeáint do dhaoine ar líne agus as líne.

Forléargas ó Thaighde




Is í an bhunchloch chun an bhulaíocht a chosc ná, *timpeallacht dhearfach scoile a chuireann fáilte roimh an éagsúlacht agus a dhéanann ceiliúradh uirthi agus atá bunaithe ar ionchuimsitheacht agus ar mheas* (ROS, 2013, Ich.3). Fuarthas nasc i staidéar Éireannach le D’Urso, Symonds, Sloan agus Devine (2022) idir inniúlacht shóisialta agus mhothúcháin agus an bhulaíocht, agus go raibh leibhéal inniúlachta mhothúcháin níos ísle ag na bulaithe agus ag na híospartaigh le hais páistí nach raibh aon bhaint acu leis an mbulaíocht. Áitítear sa staidéar gur gné chosantach féideartha é; caidrimh dhearfacha a chur chun cinn, scileanna sóisialta agus mothúcháin a fhorbairt lena n-áirítear rialú ionbhá agus mothúcháin. Má tá an páiste i dtimpeallacht ranga atá dearfach agus cineálta, is lú an seans go ndéanfar bulaithe orthu, beag beann ar a n-inniúlacht shóisialta agus mhothúcháin féin.

Tacóidh comhbhá leis na páistí chun dearcthaí daoine eile a fheiceáil agus chun léirtheiscint a fháil ar an tionchar atá ag a ngníomhartha agus a n-iompar ar dhaoine eile i dtimpeallacht dhigiteach, áit a bhféadfaidh sé a bheith níos dúshlánaí na mothúcháin a aithint. I gcás ranganna níos sine, d’fhéadfá machnamh a dhéanamh ar bhréagnóta tráchta snáithe do phictiúr lena gcuimsítear roinnt nótaí tráchta nimhneacha chun plé ranga a spreagadh. *“Cén chaoi a n-aireodh duine atá ag léamh na nótaí seo dar leat?”* *“Meas tú an ndéarfadh duine éigin na focail seo i bpearsa?”* *“Céard a dhéanfa go difriúil?”*

Tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíochtaí sláintiúla ar líne a fhorbairt

Machnamh an Mhúinteora



- An bhfuil tú in ann cuimhneamh ar dheiseanna i do sheomra ranga chun comhbhá a mhúineadh/a léiriú?
- An bhfuil aon acmhainní nó gníomhaíochtaí a d'úsáid tú atá an-chabhrach chun comhbhá na bpáistí a fhorbairt?
- **Réiteach coimhlinte agus cumhacht na teanga:** Cuireann an Curaclam OSPS úsáid na teanga measúla chun cinn. Is féidir leis na páistí i do rang iniúchadh a dhéanamh ar fháthanna a dtagann coimhlint chun cinn sa snáithe 'Mise agus Daoine Eile', chomh maith le bealaí éagsúla chun freagairt do choimhlint agus chun cleachtadh a dhéanamh ar an gcaoi chun coimhlint a láimhseáil go cuí. Tá na scileanna chun coimhlint a réiteach riachtanach chun caidrimh shláintiúla agus thacúla a bhunú. Nuair atáthar ag déanamh plé ar ábhar na coimhlinte i gceachtanna OSPS, bíonn an deis ann chun ceangail a dhéanamh idir iompar ar líne agus as líne agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir coimhlintí a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar líne nó i bpearsa agus chun plé a dhéanamh ar straitéisí cuí. Mar shampla, d'fhéadfá plé a dhéanamh ar an méid a dhéanfá dá ndéarfadh duine éigin rud éigin nimhneach leat agus tú ag spraoi sa chlós nó dá gcuirfidís teachtaireachtaí nimhneacha chugat sa bhosca cainte agus tú ag cluichíocht. An oibreodh na straitéisí céanna sa dá chás? D'fhéadfá smaoineamh ar smaointe chun taithí dhearfach a chur chun cinn do chách nuair atá tú ag imirt le chéile, bíodh sé i bpearsa nó ar líne. D'fhéadfadh go mbeadh na físeáin '**Scéal Áine**' nó '**Scéal Dhónail**' ón gclár **Bí Cineálta ar Líne** cabhrach chun tacú le comhráite faoi chumhacht na teanga agus faoin tábhacht a bhaineann le teanga mheasúil a úsáid i gach cás.

Forléargas ó Thaighde



Cuireadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm in Éirinn i mí Bealtaine 2018 agus cuireadh an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 i bhfeidhm chun an aois dhigiteach toilithe a shocrú ag 16 bliana d'aois. Is ag an aois seo atá páistí in ann a dtoiliú a thabhairt go dlíthiúil do chomhlachtaí nó d'eagraíochtaí chun a sonraí pearsanta a phróiseáil. Teastaíonn toiliú tuismitheora ó chomhlachtaí, amhail comhlachtaí na meán sóisialta, sula bhfuil siad in ann sonraí pearsanta a bhailiú do pháistí faoi bhun 16 bliana d'aois. Ach, is féidir le páistí agus daoine óga an teorannú aoise seo a shárú go héasca ach dáta breithe bréagach a úsáid. Thuairiscigh CyberSafeKids (2022) go raibh gléas cliste ag 95% de na páistí a bhí idir 8-12 bliana d'aois in Éirinn agus go raibh cuntas dá gcuid féin ag 87% acu ar na meáin shóisialta.

- **Toiliú agus toiliú digiteach:** Toiliú is ea nuair a lorgáimid cead go dtarlódh rud éigin nó nuair a aontaímid rud éigin a dhéanamh. Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fáil ar choincheap an toilithe, b'fhéidir gur mhaith leat féachaint ar an ábhar tacaíochta '**Ag teagasc faoin toiliú**'. Baineann toiliú digiteach le do phríobháideachas pearsanta ar líne a chosaint agus meas a bheith againn ar dhaoine eile. Baineann sé le cead a iarraidh agus a fháil ar líne, mar shampla cead a iarraidh sula roinneann tú íomhá, físeán nó teachtaireacht téacs duine eile ar líne. Cuimsítear feasacht a fhorbairt ar na cearta leis an bhfoghlaim faoi thoiliú digiteach, amhail an ceart a bheith agat chun cinneadh a dhéanamh má thugann tú cead do dhuine eile d'ábhar a úsáid agus an chaoi ar mhaith leat d'aitheantas agus príobháideacht a bhainistiú ar líne.

Is gné thábhachtach é toiliú de chaidrimh shláintiúla, ar líne agus as líne. D'fhéadfadh

Tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíochtaí sláintiúla ar líne a fhorbairt

scéalta a bheith cabhrach chun tacú leis na comhráite faoi thoiliú. Mar shampla, i 'gCinnín Óir agus na Trí Bhéar' is féidir ceisteanna maidir le toiliú a fhiosrú lena n-áirítear "Ar lorg Cinnín Óir cead sular chuir sí lámh ar rudaí ar le daoine eile iad?" Is féidir cur leis an bhfoghlaim ach iniúchadh a dhéanamh ar thoiliú digiteach agus úsáid á baint as an scéal **#Goldilocks - A Hashtag Cautionary Tale' le Jeanne Willis agus Tony Ross**. "Ar lorg Cinnín Óir cead sular roinn sí pictiúir de dhaoine eile ar líne?" Más páistí níos sine atá i gceist, déanann **M'fhéinín agus an Domhan Mór (Webwise)** iniúchadh ar chomhroinnt grianghraf digiteach. D'fhéadfaí an físeán **'An Grianghraf'** a úsáid mar spreagadh le haghaidh plé faoi chleachtais fhreagracha maidir le comhroinnt grianghraf.

- **Cur Chuige Scoile Uile:** Ní thosaíonn agus ní chríochnaíonn OSPS sa seomra ranga agus is é is éifeachtaí nuair is cur chuige scoile uile atá ann ina roinntear freagracht le múinteoirí, páistí, tuismitheoirí, agus leis an mBord Bainistíochta chomh maith le baill ábhartha an phobail. D'fhéadfadh tionscnaimh uile scoile a bheith mar dheis chun feasacht a mhéadú ar an bhfoghlaim faoi na teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go freagrach agus chun an fhoghlaim chéanna a chur chun cinn. B'fhéidir gur mhaith le do scoil páirt a ghlacadh i *Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte*, tionscnamh ar fud an AE. Is féidir tuilleadh eolais a fháil **anseo**. B'fhéidir go n-eagródh do scoil caint do thuismitheoirí.

Cumarsáid: Cuir in iúl do na tuismitheoirí go mbeidh sibh ag foghlaim faoi úsáid shábháilte agus fhreagrach na dteicneolaíochtaí digiteacha agus go léireoidh tú do chur chuige maidir leis an ábhar a mhúineadh. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do na páistí suirbhé ar líne a chomhlíonadh lena fháil amach cén leibhéal rannpháirtíochta a ghlacann an rang sna teicneolaíochtaí digiteacha lasmuigh den scoil. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar cuid de na naisc seo a leanas a roinnt leis na tuismitheoirí:

- Tá eolas agus tacaíocht ar fáil i **Mol Webwise do Thuismitheoirí** do thuismitheoirí lena n-áirítear:
 - Tacaíonn **#TalkListenLearn** leis na tuismitheoirí comhráite a bheith acu faoin idirlíon a úsáid níos freagraí agus níos sábháilte lena bpáistí.
 - Seimineár gréasáin: **Páistí Óga a Chumasú ionas go mbeidh Iompar Sláintiúil acu ar Líne - #BíCineáltaArLíne**
- Fuse, Ionad Frithbhulaíochta, OCBÁC mol do thuismitheoirí:
 - **Cén Chaoi chun déileáil leis an gCibearbhulaíocht.**
- ISPPC: **Rioscaí ar Líne agus an Chibearbhulaíocht**

Tacaíochtaí/léitheoireacht breise



An chéad chéim eile?

Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?



Foghlaim sa bhaile: D'fhéadfaí gníomhaíochtaí scríofa nó machnamhacha a chur ar fáil a spreagadh na páistí cuid dá bhfoghlaim a roinnt le thuismitheoirí.

- An Roinn Oideachais:
 - **Cuir chuige Frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna (2013)**
 - **Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht. Cur Chuige Oideachais Uile na hÉireann maidir leis an mbulaíocht a chosc agus le dul i ngleic leis an mbulaíocht i scoileanna. (2022)**

Tacaíocht a thabhairt d'idirghníomhaíochtaí sláintiúla ar líne a fhorbairt

- **Webwise.ie:** Gheobhaidh tú eolas, comhairle agus acmhainní oideachais atá saor in aisce. B'fhéidir go mbeadh suim agat sa mhéid seo a leanas:
 - **Comhairle don Mhúinteoir**
 - **Sábháilteacht ar líne a chur i láthair an tSeomra Ranga Bunscoile – Machnaimh don Mhúinteoir**
 - **10 dTéama de Shaoránacht Dhigiteach**
- Ionad Frithbhulaíochta, OCBÁC:
 - **Ról na dtuismitheoirí chun an Bhulaíocht agus an Chibearbhulaíocht a chosc**
 - **Dearcthaí na Múinteoirí ar an mBulaíocht: An Cuma faoi Fhochineálacha Bulaíochta?**
 - **Gluais Téarmaí le haghaidh na Cibearbhulaíochta.**

Tagairtí

CyberSafeKids (2022). *CyberSafeKids Academic Year in Review 2021-2022*. CyberSafeKids, Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: https://www.cybersafekids.ie/wp-content/uploads/2022/09/CSK_YearInReview_2021-2022_FINAL.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (2013). Ciorclán 0045/2013, *Cuir Chuige Frithbhulaíochta maidir le Bunscoileanna agus le hIar-Bhunscoileanna*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Cliath. Ar fáil ag <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/48a342-none/>

D'Urso, G., Symonds, J., Sloan, S. and Devine, D. (2022). 'Bullies, victims, and meanies: the role of child and classmate social and emotional competencies'. *Social Psychology of Education*, pp.1-20.

An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (NACOS) (2021). *Report of a National Survey of Children, their Parents and Adults regarding Online Safety 2021*, An Roinn

Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/ebe58-national-advisory-council-for-online-safety-nacos/>

Rialtas na hÉireann (1999). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/getmedia/c5dd3a91-dea7-410c-a14c-4b041fbff27d/PSEC06_SPHE_Curriculum_Gaeilge.pdf

O'Neill, B., & Laouris, Y. (2013). Teaching internet safety, promoting digital literacy: the dual role of education and schools. In B. O'Neill, E. Staksrud, & S. McLaughlin (Eds.), *Towards a better internet for children? Policy pillars, players and paradoxes*. Goteborg: Nordicom, UNESCO International Clearinghouse for Children, Youth and Media.

UNICEF (2017). *The State of the World's Children 2017, Children in a Digital World*, UNICEF, Nua-Eabhrac.